



2026/1432

6.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1432 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Iúil 2026

maidir le bearta chun bunú *Meloidogyne graminicola* Golden & Birchfield i gcríoch an Aontais agus a scaipeadh laistigh di a chosc agus maidir le bearta chun an lotnaid sin a dhíothú agus a imshrianadh laistigh de limistéir chríochaithe áirithe agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (d) go (g) agus Airteagal 28(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 ón gCoimisiún ⁽²⁾ bunaítear bearta sealadacha chun cosc a chur ar theacht isteach *Meloidogyne graminicola* Golden & Birchfield ('an lotnaid shonraithe') i gcríoch an Aontais, ar a ghluaiseacht agus a scaipeadh laistigh di, agus ar a iolrú agus a scaoileadh inti. Beidh feidhm leis na bearta sealadacha sin go dtí an 30 Meitheamh 2026.
- (2) Bhí gá leis na bearta sealadacha sin toisc go ndearna an lotnaid shonraithe dochar mór do phlandaí *Oryza sativa* L. i limistéir chríoch an Aontais inarbh ann di agus toisc gur thángthas ar an gconclúid i measúnú riosca a rinne an Iodáil in 2018 ⁽³⁾ gur chomhlíon sí na critéir ábhartha a leagtar amach i bhForoinn 2 de Roinn 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031. Ó glacadh na bearta sealadacha sin, léiríodh le suirbhéanna bliantúla a rinne an Iodáil go bhféadfadh an lotnaid shonraithe scaipeadh chuig limistéir eile, limistéir nach bhfuil sí rialaithe iontu, agus gur féidir í a rialú go héifeachtúil sna limistéir sin trí bhearta iomchuí a ghlacadh. Ina theannta sin, léirítear le suirbhéanna a rinneadh sna limistéir chríochaithe ina bhfuil an lotnaid shonraithe i láthair nach féidir í a dhíothú a thuilleadh ó limistéir chríochaithe áirithe.
- (3) Dá bhrí sin, comhlíonann an lotnaid shonraithe na critéir ábhartha a leagtar amach i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031 agus cáilíonn sí mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais arb eol go bhfuil sí i láthair san Aontas. Dá réir sin, cuireadh é le Cuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1433 ón gCoimisiún ⁽⁵⁾.
- (4) Léirítear leis na suirbhéanna bliantúla thuasluaite go raibh méadú tagtha ar dhaonra na lotnaide sonraithe agus ar achar dromchla an limistéir inmhiolaithe san Iodáil tar éis an lotnaid a bhrath den chéad uair i gcríoch an Aontais, gur shroich sé buaicphointe sa chéad bhliain i ndiaidh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 a ghlacadh agus go bhfuil sé ag laghdú ó shin. Ina theannta sin, níl ráig taifeadta ag aon Bhallstát eile.

⁽¹⁾ IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta sealadacha chun cosc a chur ar theacht isteach *Meloidogyne graminicola* (Golden & Birchfield) san Aontas, ar a ghluaiseacht agus a leathadh laistigh den Aontas, ar a iolrú agus a scaoileadh ann (IO L 206, 8.8.2022, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1372/oj).

⁽³⁾ Anailís riosca lotnaide maidir le *Meloidogyne graminicola* (Golden & Birchfield) arna déanamh ag Consiglio per la ricerca in agricoltura e l'analisi dell'economia agraria (CREA).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/2072/oj).

⁽⁵⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1433 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2026 lena leasaítear Iarscríbhinní II, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le bearta chun cosc a chur ar theacht isteach *Meloidogyne graminicola* Golden & Birchfield i gcríoch an Aontais, agus ar a láithreach, a bhunú nó a scaipeadh laistigh di (IO L, 2026/1433, 6.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/1433/oj).

- (5) D'ainneoin an chlaonta sin, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun cosc a chur ar thabhairt isteach na lotnaide sonraithe ó thríú tíortha inarb ann di, agus ar a scaipeadh ó na limistéir inmhíolaithe laistigh de chríoch an Aontais. Chun an riosca scaipthe a laghdú a thuilleadh, ba cheart an lotnaid shonraithe a dhíothú ó chríoch an Aontais a mhéid is féidir agus ba cheart í a imshrianadh go héifeachtúil sna limistéir inmhíolaithe sin nach féidir í a dhíothú iontu.
- (6) I dtaobh chur i bhfeidhm na mbearta a bunaíodh faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 a bhaineann le díothú agus imshrianadh na lotnaide sonraithe, agus i dtaobh suirbhéanna, is léir go raibh siad éifeachtach chun riosca bhunú na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais agus a scaipeadh laistigh di a laghdú go leibhéal inghlactha. Dá bhrí sin, ba cheart iad a leagan amach sa Rialachán seo freisin, leis na modhnuithe uile is gá.
- (7) Ní léirítear an t-eolas eolaíoch is déanaí a thuilleadh i liosta na bplandaí óstacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le liosta athbhreithnithe plandaí óstacha in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.
- (8) Ina theannta sin, ba cheart bearta a bhaineann le limistéir chríochaithe a shuí agus suirbhéanna ar an lotnaid shonraithe a leagan amach sa Rialachán seo freisin.
- (9) Ba cheart limistéir chríochaithe a shuí, arb é atá iontu crios inmhíolaithe, ina bhfuil na plandaí inmhíolaithe uile nó na plandaí uile a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhíolaithe leis an lotnaid shonraithe, agus crios maolánach ar leithead leordhóthanach timpeall ar an gcrios inmhíolaithe nach eol gurb ann don lotnaid shonraithe. Ba cheart feidhm a bheith ag ceanglais éagsúla maidir le limistéir chríochaithe chun críche díothaithe agus maidir le limistéir chríochaithe chun críche imshrianta i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (AE) 2016/2031.
- (10) Ba cheart suirbhéanna a dhéanamh sna limistéir chríochaithe agus ar phlandaí óstacha lasmuigh de na limistéir sin, chun go bhféadfaí láithreach fhéideartha an lotnaid shonraithe a bhrath go luath agus a scaipeadh go dtí an chuid eile de chríoch an Aontais a chosc. Ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna bliantúla a dhéanamh bunaithe ar mheasúnú ar an mbaol go dtabharfaí an lotnaid shonraithe isteach iontu.
- (11) Ba cheart do na Ballstáit an pobal i gcoitinne agus oibreoirí gairmiúla ábhartha a chur ar an eolas faoi bhagairt na lotnaide sonraithe agus faoi na bearta a dhéantar ina coinne chun a áirithiú go mbeidh cur chuige níos éifeachtaí ag gach duine a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an scéal. Go háirithe, ba cheart do na Ballstáit feasacht a ardú faoin mbaol a bhaineann lena scaipeadh trí choisbheart agus trí fheithiclí, toisc gurb iad na modhanna sin na modhanna is minice a úsáideann an pobal i gcoitinne.
- (12) Maidir leis na bearta a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372, a bhaineann le plandaí le haghaidh plandú a bhfuil fréamhacha *Oryza sativa* L. acu, plandaí a fásadh in ithir ('na plandaí sonraithe') a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, agus lena ngluaiseacht laistigh di, cuimsíodh iad in Iarscríbhinní VII agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1433.
- (13) Ós rud é go bhfuil na bearta sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072, agus ar chúiseanna soiléireachta dlíthiúla, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372 a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar amach sa Rialachán seo bearta chun cosc a chur ar bhunú agus scaipeadh *Meloidogyne graminicola* Golden & Birchfield laistigh de chríoch an Aontais, bearta maidir lena dhíothú má aimsítear é sa chríoch sin, agus bearta maidir lena imshrianadh mura féidir é a dhíothú a thuilleadh.

*Airteagal 2***Sainmhínte**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘an lotnaid shonraithe’ *Meloidogyne graminicola* Golden & Birchfield;
- (2) ciallaíonn ‘plandaí sonraithe’ plandaí le haghaidh plandú le fréamhacha *Oryza sativa* L., a fásadh in ithir;
- (3) ciallaíonn ‘plandaí óstacha’ plandaí le haghaidh plandú le fréamhacha a fásadh in ithir de chuid na ngéineas agus na speiceas a liostaítear in Iarscríbhinn I;
- (4) ciallaíonn ‘plandaí óstacha deonacha’ plandaí óstacha a fhásann leo féin sna háiteanna táirgthe gan bheith plandaithe ann d’aon ghnó;
- (5) ciallaíonn ‘síolta sonraithe’ síolta *Oryza sativa* L.;
- (6) ciallaíonn ‘réada sonraithe’ innealra, uirlisí, feithiclí agus trealamh pearsanta, a úsáideadh le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis na plandaí óstacha a phlandú, a chóireáil nó a bhaint;
- (7) ciallaíonn ‘modh na mbarr gaiste’ plandaí *Oryza sativa* L. a chur chun gor agus ionradh fréamhacha néimeatóide a spreagadh, agus scrios na bplandaí ina dhiaidh sin, laistigh de chéim fheineolaíoch a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht an ghaistithe, ach tráth nach déanaí ná cúig seachtaine tar éis plandú.

*Airteagal 3***Suirbhéanna bliantúla ar chríoch an Aontais lasmuigh de limistéir chríochnaithe**

Déanfaidh na Ballstáit suirbhéanna bliantúla rioscabhunaithe ar láithreach na lotnaide sonraithe ar phlandaí óstacha lasmuigh de limistéir chríochnaithe. Déanfar iad sna limistéir dá gcríocha nach eol gurb ann don lotnaid shonraithe ach ina bhféadfadh sé go mbunófaí í, agus tosaíocht á tabhairt do shuirbhéanna ar na plandaí sonraithe.

*Airteagal 4***Limistéir chríochnaithe a shuí**

1. I gcás ina ndeimhnítear láithreach na lotnaide sonraithe i gcríoch an Aontais go hoifigiúil, bunóidh an Ballstát lena mbaineann limistéir chríochnaithe gan mhoill, ar bhonn suirbhé um theorannú lena gcinntear leibhéal an inmhíolaithe agus chun an lotnaid shonraithe a dhíothú.
2. Is é a bheidh sna limistéir chríochnaithe na nithe seo a leanas:
 - (a) crios inmhíolaithe ina gcuimseofar:
 - (i) gach planda sonraithe agus planda óstach atá inmhíolaithe leis an lotnaid shonraithe;
 - (ii) gach planda sonraithe agus planda óstach a léiríonn siomptóim a thugann le fios go bhféadfadh siad a bheith inmhíolaithe leis an lotnaid shonraithe;
 - (iii) gach planda eile atá inmhíolaithe, nó a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhíolaithe, leis an lotnaid shonraithe;
 - (iv) talamh, ithir nó eilimintí eile atá inmhíolaithe, nó a bhfuil amhras ann go bhfuil siad inmhíolaithe, leis an lotnaid shonraithe;
 - (b) crios maolánach a bhfuil leithead 100 m ar a laghad aige thar theorainn an chreasa inmhíolaithe i gcás limistéir chríochnaithe chun an lotnaid shonraithe a dhíothú, dá dtagraítear in Airteagal 6 agus crios a bhfuil an leithead céanna aige i gcás limistéir chríochnaithe chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh, dá dtagraítear in Airteagal 7.

3. Áiríteoidh údarais inniúla an Bhallstáit lena mbaineann go bhfuil an pobal i gcoitinne agus oibreoirí gairmiúla ar an eolas faoi theorannú na limistéar críochaithe agus faoi na bearta a glacadh chun an lotnaid shonraithe a dhíothú, nó, i gcás inarb ábhartha, chun í a imshrianadh agus cosc a chur ar a scaipeadh lasmuigh den limistéar críochaithe. Déanfaidh siad feachtas an phobail a ardú maidir le bagairt na lotnaide sonraithe.

4. Ar bhonn na suirbhéanna dá dtagraítear in Airteagal 3, i gcás nach mbraitear an lotnaid shonraithe i limistéar críochaithe ar feadh tréimhse 3 bliana as a chéile, féadfar deireadh a chur leis an limistéar críochaithe sin. Sna cásanna sin, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas go bhfuil deireadh curtha leis an limistéar críochaithe de bhun Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) 2016/2031.

Airteagal 5

Suirbhéanna bliantúla ar an lotnaid shonraithe i limistéir chríochaithe

1. I limistéir chríochaithe, cé is moite de chrios inmhiolaithe na limistéar críochaithe chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh, dá dtagraítear in Airteagal 7, déanfaidh údarais inniúla an Bhallstáit lena mbaineann diansuirbhéanna bliantúla ar na plandaí óstacha, dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt láithreach na lotnaide sonraithe.

2. Is éard a bheidh sna suirbhéanna dá bhforáiltear i mír 1 scrúduithe amhairc ar phlandaí óstacha, agus sampláil ar phlandaí óstacha siomptómacha agus, i gcás inarb iomchuí, ar phlandaí óstacha aisiomptómacha i gcóngar na bplandaí óstacha siomptómacha, agus, i gcás inarb iomchuí, ar an ithir. Déanfar córas fréimhe na bplandaí arna sampláil a sheiceáil an bhfuil gál na lotnaide sonraithe ann.

Airteagal 6

Bearta díothaithe

I gcomhréir le hAirteagal 4, cuirfidh údarais inniúla an Bhallstáit lena mbaineann na bearta uile seo a leanas i bhfeidhm sna limistéir chríochaithe:

- (a) na plandaí sonraithe a bhaint sa chrios inmhiolaithe i ngoirt atá gar don bhuint;
- (b) na plandaí sonraithe a scriosadh i ngoirt gar do thráth na buainte, *in situ* nó in áit in aice láimhe a bheidh ainmnithe chun na críche sin laistigh den chrios inmhiolaithe, ar bhealach lena n-áiríteofar nach scaipfean an lotnaid shonraithe;
- (c) toirmeasc ar na síolta sonraithe a chur agus toirmeasc ar na plandaí sonraithe agus na plandaí óstacha a phlandú sa chrios inmhiolaithe, seachas mar bharra gaiste agus modh na mbarr gaiste á chur i bhfeidhm;
- (d) na plandaí óstacha deonacha a dhíothú go rialta;
- (e) na goirt sa chrios inmhiolaithe a bheith coimeáda faoi uisce go leanúnach ar feadh níos mó ná 18 mí, agus, mura féidir na goirt a choimeád faoi uisce go leanúnach, modh na mbarr gaiste nó modhanna eile a chur i bhfeidhm lena gcuirtear cosc ar lotnaid a saolré a thabhairt chun críche;
- (f) baint agus diúscairt shábháilte na bplandaí sonraithe a úsáidtear le haghaidh mhodh na mbarr gaiste laistigh de chéim fheineolaíoch a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht an ghaistithe, ach tráth nach déanaí ná cúig seachtaine tar éis plandú;
- (g) ithir agus smionagar planda a ghlanadh óna réada sonraithe a úsáideadh i gcrios inmhiolaithe sula mbogfar iad chuig na goirt mhórtimpeall, agus scaipeadh iarmhair ón ngort inmhiolaithe á sheachaint le linn glantacháin;
- (h) toirmeasc ar ghluaiseacht na hithreach sa chrios inmhiolaithe inar fásadh plandaí sonraithe nó plandaí óstacha sna 3 bliana roimhe sin.

*Airteagal 7***Bearta imshrianta**

De mhaolú ar Airteagal 6, i gcás ina liostaítear limistéar críochaithe in Iarscríbhinn II, cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstát lena mbaineann na bearta seo a leanas atá ann i bhfeidhm:

- (a) ní fhéadfar síolta sonraithe agus plandaí sonraithe a chur ach amháin má tá ceann amháin de na bearta fiteashláintíochta seo a leanas déanta:
 - (i) an talamh a bheith coimeádta faoi uisce go leanúnach ar feadh 3 mhí ar a laghad ón mbuaint deiridh;
 - (ii) modh na mbarr gaiste a chur i bhfeidhm laistigh de chéim fheineolaíoch a uasmhéadaíonn éifeachtúlacht an ghaistithe, agus an barr a scriosadh ina dhiaidh sin, tráth nach déanaí ná cúig seachtaine tar éis plandú;
 - (iii) uainíocht na mbarr a dhéanamh le plandaí nach plandaí óstacha iad nó le plandaí óstacha saothraithe den ghéineas *Brassica* L. nó de na speicis *Allium cepa* L., *Glycine max* (L.) Merr., *Hordeum vulgare* L., *Panicum miliaceum* L., *Sorghum bicolor* (L.) Moench agus *Triticum aestivum* L., plandaí atá ceaptha chun bleibeanna, glasraí nó gráinní a tháirgeadh le haghaidh na n-úsáideoirí deiridh seachas úsáid a bhaint astu mar phlandaí le haghaidh plandú;
- (b) na plandaí óstacha deonacha a dhíothú go rialta;
- (c) ithir agus smionagar planda a ghlanadh óna réada sonraithe a úsáideadh i gcrios inmhiolaithe sula mbogfar iad chuig na goirt mhórtimpeall, agus scaipeadh iarmhair ón ngort inmhiolaithe á sheachaint le linn glantacháin;
- (d) toirmeasc ar ghluaiseacht na nithe seo a leanas lasmuigh den chrios inmhiolaithe:
 - (i) ithir inar fásadh plandaí sonraithe nó plandaí óstacha sna 3 bliana roimhe sin;
 - (ii) plandaí sonraithe, seachas síolta;
 - (iii) plandaí óstacha seachas plandaí óstacha saothraithe dá dtagraítear i bhfophointe (iii) de phointe (a); agus
 - (iv) síolta sonraithe, seachas iad siúd atá saor ó ithir agus smionagar planda.

*Airteagal 8***Oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát**

Faoin 30 Aibreán gach bliain déanfaidh na Ballstáit torthaí na suirbhéanna a rinneadh sa bhliain féilire roimhe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na mBallstát eile, de bhun na nithe seo a leanas:

- (a) Airteagal 3 den Rialachán seo, agus úsáid á baint as ceann de na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾;
- (b) Airteagal 5(1) den Rialachán seo, agus úsáid á baint as an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 9***Aisghairm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372**

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1372.

Forléireofar tagairtí don Rialachán aisghairthe mar thagairtí don Rialachán seo.

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2020 maidir leis na treoracha le haghaidh na dtuarascálacha bliantúla i ndáil le torthaí na suirbhéanna, agus maidir le formáid na dtuarascálacha sin, agus maidir le formáid na gclár ilbhliantúil suirbhéireachta agus na socruithe praiticiúla, dá bhforáiltear in Airteagail 22 agus 23 faoi seach de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 280, 28.8.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1231/oj).

*Airteagal 10***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Liosta de na plandaí óstacha dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (3)

Abelmoschus esculentus

Ageratum conyzoides L.

Agrostis stolonifera

Alisma plantago-aquatica L.

Allium ascalonicum

Allium cepa L.

Allium fistulosum

Allium tuberosum

Alopecurus sp.

Alternanthera sessilis

Amaranthus spinosus

Amaranthus viridis

Ammannia baccifera

Andropogon sp.

Beta vulgaris

Blumea sp.

Bonnaya ciliata

Bothriochloa bladhii

Brassica juncea

Brassica oleracea

Capsicum annuum

Capsicum frutescens

Catharanthus roseus

Cenchrus americanus

Cenchrus pedicellatus

Centella asiatica

Colocasia esculenta

Commelina benghalensis

Corchorus aestuans

Corchorus capsularis

Coriandrum sativum

Cucumis sativus

Cyanotis axillaris

Cyanotis cucullata

Cyanthillium cinereum

Cymbopogon citratus

Cynodon dactylon

Cyperus compressus

Cyperus difformis

Cyperus esculentus

Cyperus imbricatus

Cyperus iria

Cyperus odoratus

Cyperus pilosus

Cyperus procerus

Cyperus pseudokyllingioides

Cyperus pulcherrimus

Cyperus rotundus

Dactyloctenium aegyptium

Desmodium triflorum

Digitaria filiformis

Digitaria longiflora

Digitaria sanguinalis
Echinochloa colonum
Echinochloa crus-galli
Eclipta prostrata
Eleusine coracana
Eleusine indica
Elymus repens
Eragrostis racemosa
Eragrostis tenella
Euphorbia hirta
Fimbristylis complanate
Fimbristylis dichotoma
Fimbristylis littoralis
Fimbristylis quinquangularis subsp. *quinquangularis*
Fuirena ciliaris
Gamochaeta falcata
Gamochaeta purpurea
Glycine max
Grangea ceruanoides
Hedyotis diffusa
Heteranthera reniformis
Hordeum vulgare
Hydrilla sp.
Impatiens balsamina
Imperata cylindrica
Ipomoea aquatica
Ischaemum rugosum

Juncus microcephalus

Kyllinga brevifolia

Kyllinga gracillima

Lactuca sativa

Leersia hexandra

Leptochloa chinensis

Leucas lavandulifolia

Lindernia sp.

Lolium multiflorum

Ludwigia adscendens

Mecardonia procumbens

Medicago polyceratia

Melilotus albus

Murdannia keisak

Murdannia nudiflora

Musa sp.

Oplismenus compositus

Oryza sativa

Oxalis corniculata

Panicum dichotomiflorum

Panicum flexuosum

Panicum miliaceum

Panicum repens

Paspalum scrobiculatum

Petunia sp.

Phaseolus vulgaris

Phlox drummondii

Phyllanthus niruri

Phyllanthus urinaria

Physalis minima

Pisum sativum

Poa annua

Pontederia vaginalis

Portulaca oleracea

Ranunculus sp.

Rungia parviflora

Saccharum officinarum

Sacciolepis indica

Schoenoplectiella articulata

Scoparia dulcis

Setaria italica

Sida acuta

Solanum lycopersicum

Solanum melongena

Solanum nigrum

Solanum sisymbriifolium

Solanum tuberosum

Sorghum bicolor

Spergula arvensis

Spermacoce articularis

Sphaeranthus sp.

Sphenoclea zeylanica

Spinacia oleracea

Stellaria media

Trifolium repens

Triticum aestivum subsp. *aestivum*

Urena lobata

Urochloa mutica

Urochloa ramosa

Vandellia sp.

Vicia faba

Vigna mungo

Vigna radiata

IARSCRÍBHINN II

Liosta limistéar críochaithe chun críoch an lotnaid shonraithe dá dtagraítear in Airteagal 7 a imshrianadh

AN IODÁIL

Uimhir/ainm an limistéir chríochaithe (LC)	Crios an LC	Réigiún	Aonaid réigiúnacha nó teorannuithe eile riaracháin/geografacha
1	Crios inmhiolaithe + crios maolánach	Piedmont	Biella: Castelletto Cervo, Giffenga, Mottalciata
2	Crios inmhiolaithe + crios maolánach	Piedmont	Vercelli: Buronzo
3	Crios inmhiolaithe + crios maolánach	an Lombaird	Pavia: Alagna, Carbonara al Ticino, Cilavegna, Dorno, Gambolò, Garlasco, Gropello Cairoli, Linarolo, Parona, Pavia, Pieve, Albignola, Sannazzaro de' Burgondi, Scaldasole, Sommo, Tromello, Valle Salimbene, Vigevano, Villanova d'Ardenghi, Zerbolò, Zinasco

Teimpléid chun torthaí na suirbhéanna arna ndéanamh de bhun Airteagal 5, an chéad mhír, a thuairisciú

1. Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (LC)																				
2. Méid tosaigh an LC (ha)																				
3. Méid nuashonraithe an LC (ha)																				
4. An cur chuige (díothú nó imshrianadh)																				
5. Limistéar																				
6. Láithreáin suirbhéireachta																				
7. Limistéir riosca arna sainaitheint																				
8. Limistéir riosca a ndearnadh cigireacht orthu																				
9. Ábhar plandaí / Tráchtearra																				
10. Liosta de na speicis plandaí óstacha																				
11. Uainiú																				
		12. Sonraí an tsuirbhé									13. Líon na samplaí siomptómacha a ndearnadh anailís orthu: i: Iomlán ii: Deimhneach iii: Diúltach iv: Neamhchinnitithe				14. Líon na samplaí aisiomptómacha a ndearnadh anailís orthu: i: Iomlán ii: Deimhneach iii: Diúltach iv: Neamhchinnitithe				15. Uimhirí fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún ⁽¹⁾	
		A) An líon scrúduithe amhairc																		
		B) An líon iomlán samplaí a tógadh																		
		C) Cineálacha gaistí (nó modh malartach eile (e.g. líontáin scaobtha))																		
		D) An líon gaistí (nó modh gabhála eile)																		
		E) An líon láithreán gaisteoireachta, nuair nach ionann é agus na sonraí a tuairiscíodh in (D)																		
		F) An cineál tástálacha (e.g. sainaitheint mhicreascópach, ISP, ELISA)																		
		G) An líon iomlán tástálacha																		
		H) Bearta eile (e.g. madraí bolaíochta, dróin, héileacaptair, feachtais ardaithe feasachta)																		
		I) An líon beart eile																		
		A	B	C	D	E	F	G	H	I	i	ii	iii	iv	i	ii	iii	iv	Uimhir	Dáta

⁽¹⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla agus sonraíochtaí comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) ().IO L 261, 14.10.2019, lch. 37, ELI http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/1715/oj).

Treoracha maidir leis an teimpléad a líonadh isteach

- Le haghaidh cholún 1: Tabhair ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (LC) seo a shainaitheint mar aon le dáta a bhunaithe.
- Le haghaidh cholún 2: Tabhair méid an LC roimh thús an tsuirbhé.
- Le haghaidh cholún 3: Tabhair méid an LC i ndiaidh an tsuirbhé.
- Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Díothú nó Imshrianadh. Úsáid an oiread rónna agus is gá, ag brath ar an líon LCanna in aghaidh na lotnaide agus na cineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.
- Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an LC ina ndearnadh an suirbhé, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá: Crios ionfhabhtaithe (CI) nó crios maolánach (CM), i rónna ar leith. Nuair is infheidhme, sonraigh limistéar an CI ina ndearnadh an suirbhé (e.g. i bhfoisceacht 20 km den CM, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) ar rónna éagsúla.
- Le haghaidh cholún 6: Tabhair líon agus tuairisc na suíomhanna suirbhéireachta, trí cheann amháin de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú le haghaidh na tuairisce:
1. Faoín aer (limistéar táirgeachta): 1.1. gort (arúil, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois;
 2. Faoín aer (eile): 2.1. gairdín príobháideach; 2.2. láithreáin phoiblí; 2.3. limistéar caomhnaithe; 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad; 2.5. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála);
 3. Dálaí atá dúnta go fisiciúil: 3.1. teach gloine; 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, agus an cás faoi leith á shonrú (e.g. ionad garraíodóireachta, láithreáin tráchtála ina n-úsáidtear ábhar pacáistíochta adhmaid, tionscal an adhmaid).
- Le haghaidh cholún 7: Sonraigh cé na limistéir riosca a shainaitheintear ar bhonn bhitheolaíocht na lotnaide nó na lotnaidí, láithreach plandaí óstacha, dálaí éicea-aeráide agus suíomhanna riosca.
- Le haghaidh cholún 8: Tabhair na limistéir riosca a áiríodh sa suirbhé, ó na cinn sin a sainaithníodh i gcolún 7.
- Le haghaidh cholún 9: Tabhair plandaí, torthaí, síolta, ithir, ábhar pacáistíochta, adhmaid, innealra, feithiclí, uisce, eile, agus an cás ar leith á shonrú.
- Le haghaidh cholún 10: Sonraigh an liosta speiceas/géineas plandaí a ndearnadh suirbhé orthu, agus úsáid á baint as ró amháin in aghaidh an speicis/an ghéinis planda.
- Le haghaidh cholún 11: Tabhair na míonna den bhliain a ndearnadh an suirbhé lena linn.
- Le haghaidh cholún 12: Tabhair mionsonraí an tsuirbhé, ag brath ar cheanglais dlí shonracha gach lotnaide. Sonraigh le N/B an cás nach bhfuil an fhaisnéis i gcolún áirithe infheidhme.
- I gcás cholúin 13 agus 14: Sonraigh na torthaí, más infheidhme, agus soláthair sna colúin chomhfhreagracha an fhaisnéis atá ar fáil. Is éard is ‘neamhchinntithe’ ann na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g. faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte - neamh-shainaitheanta, sean).
- Le haghaidh cholún 15: Tabhair fógraí ráigeanna na bliana ina ndearnadh an suirbhé le haghaidh torthaí sa CM. Ní gá an uimhir fógartha ráige a chur isteach i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an brath ar cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 14(2), Airteagal 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031. Sa chás sin, sonraigh an chúis nár soláthraíodh an fhaisnéis sin i gcolún 16 (‘Nótaí’).